16-02-2021 - 12:22
20210211STO97613

Parlaimint na hEorpa

# Bochtaineacht lucht oibre in AE a chomhrac: éilimh na bhfeisirí



(c)AdobeStock/Bluraz

**Tá feisirí ag éileamh pá íosta agus tacaíocht do ghrúpaí leochaileacha, amhail mná agus oibrithe sa gheilleagar poistíneachta.**

Tá beagnach 10% d'oibrithe na hEorpa i ngreim na bochtaineachta, agus tá 21.7% den daonra i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. Ar a bharr seo, tá an baol ann go gcuirfidh an phaindéim le neamhionannas in AE.

Mar gheall air seo, d'éiligh feisirí ar an Choimisiún agus ar na ballstáit go gcumhdófaí bochtaineacht lucht oibre faoina gcuspóir ginearálta chun deireadh a chur le bochtaineacht in AE. Cé go ndeirtear gurb í obair an leigheas is fearr ar an bhochtaineacht, ní bhaineann an

prionsabal sin leis na hearnálacha a bhraitheann ar phá íseal ná leo siúd a oibríonn faoi na dálaí oibre forbhásacha seo.

I dtuarascáil an 9 Feabhra, d'éiligh feisirí go socrófaí pá íosta reachtúil os cionn thairseach na bochtaineachta.

*Tuilleadh maidir le cearta oibrithe agus bearta AE.*

*" "Tá géarghá le gníomh... Bhí gá le gníomh inné ar fud na hEorpa. Tá gá le caighdeáin íosta. Tá gá le córais shlándála sóisialta. Tá gá le pá agus le hioncam atá leordhóthanach do chaighdeán cuibhiúil maireachtála."  "*

Özlem Demirel (Grúpa na Clé)

Údar na tuarascála

## Treoir Eorpach maidir le pá íosta

Chuir feisirí fáilte roimh thogra an Choimisiúin maidir le pá íosta leordhóthanach, céim thábhachtach chun a áirithiú go mbeidh gach duine in ann maireachtáil óna chuid oibre agus páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Dar leo, ba chóir go gcinnteodh an dlí nach mbeidh fostóirí páirteach i gcleachtais lena mbaintear den phá íosta na costais atá riachtanach chun an obair a dhéanamh, amhail cóiríocht nó trealamh.

21

líon na mballstát ina bhfuil pá íosta náisiúnta i bhfeidhm



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu

6

líon na mballstát ina bhfuil pá íosta náisiúnta a chumhdaítear le comhaontuithe cómhargála i bhfeidhm: an Danmhairg, an Iodáil, an Chipir, an Ostair, an Fhionlainn agus an tSualainn

## Dálaí oibre cothroma d'oibrithe ardáin

Chun go mbeidh feisirí in ann bochtaineacht lucht oibre a chomhrac, tá siad ag iarraidh go mbainfeadh an creat reachtach maidir le dálaí oibre íosta le gach oibrí, le hoibrithe neamhthipiciúla nó neamhchaighdeánacha sa gheilleagar digiteach – a bhíonn faoi dhálaí oibre forbhásacha go minic – san áireamh.

Ba chóir chomh maith go gcumhdófaí le dlí an tsaothair agus le cosaintí sóisialta iad, agus go mbeadh an ceart chun cómhargála acu.

## Mná níos mó i mbaol na bochtaineachta

Tuilleann na mná in AE 15% níos lú ná na fir ar an meán, mar gheall ar rannpháirtíocht níos ísle i margadh an tsaothair. D'éiligh feisirí ar na ballstáit an treoir maidir le cothromaíocht oibre is saoil a chur i bhfeidhm chun tabhairt faoin fhadhb.

Toisc go mbíonn na mná níos mó i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta ná fir, d'éiligh feisirí go dtabharfaí faoin bhearna phá idir na hinscní agus go n-áiritheofaí rochtain ar chúram leanaí atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán.

### Tuilleadh faisnéise

Rún iomlánach : éagothromaíochtaí a laghdú agus béim ar leith á leagan ar bhochtaineacht lucht oibre (10 Feabhra 2021)
Comhad nós imeachta
Físeán den díospóireacht iomlánach



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu